

GAELSCOIL COIS FEABHAIL

Carn na Gairbhe, Fón/Facs: 074 9385762
Bun an Phobail, Ríomhphost: gaelscoilcoisfeabhail2007@yahoo.ie
Co. Dhún na nGall. Uimhir Rolla: 20144M



Polasaí Frithbhulaíochta

1. I gcomhréir le riachtanais an Acht Oideachais (Leas) 2000 agus na dtreoirlínte faoi chód iompair a d'eisigh an Bord Náisiúnta um Leas Oideachais tá an polasaí frithbhulaíochta seo a leanas glactha ag Bord Bainistíochta Gaelscoil Cois Feabhail mar chuid de chód iompair iomlán na scoile. Géilleann an polasaí go huile agus go hiomlán do riachtanais Ghnásanna Frithbhulaíochta Bunscoile agus Iarbhunscoile a foilsíodh i Meán Fómhair 2013.
2. Aithníonn an Bord Bainistíochta a thromchúisí atá iompar bulaíochta agus a dhiúltaí a d'fhéadfadh a thionchar a bheith ar dhaltaí, agus geallann an scoil dá réir cloí leis na príomhphrionsabail dea-chleachtais seo a leanas agus iompar bulaíochta á chosc agus á chomhrac.

(A) Cultúr dearfach a bheith i réim sa scoil:

- ina nglactar go fonnmhar le difríocht agus le héagsúlacht agus ina léirítear meas ar chuimsitheacht;
- ina spreagtar daltaí chun iompar bulaíochta a nochtadh agus a phlé i dtimpeallacht neamhbhagrach; agus
- ina gcuirtear caidreamh bunaithe ar mheas chun cinn ar fud phobal na scoile;

Seo a leanas Tábla A (6.1.5 Gnásanna) na Príomhghnéithe de chultúr agus timpeallacht dhearfach scoile, agus féach Aguisín 2; Leideanna Praiticúla chun cultúr agus timpeallacht dhearfach scoile a fhorbairt.

Tábla A: Príomheilimintí de chultúr dearfach scoile

- Admhaíonn an scoil an ceart atá ag gach ball de phobal na scoile ar thaitneamh a bhaint as a cuid nó a chuid scolaíochta i dtimpeallacht shlán.
- Admhaíonn an scoil gur duine ann féin é gach duine agus go bhfuil fiúntas leis an uile dhuine.
- Cuireann an scoil nósanna dearfacha chun cinn maidir le féinmheas, féinsmacht agus freagracht i measc phobal na scoile.
- Coisceann an scoil díbliú, iompar maslach, iompar seicteach, iompar ionsaitheach agus teanga ionsaitheach de gach cineál i measc phobal na scoile.
- Tá gealltanais soiléir tugtha ag an scoil an comhionannas a chur chun cinn i gcoitinne agus an comhionannas inscne go háirithe i ngach gné de shaol na scoile.
- Féadann an scoil athrú a dhéanamh más gá chun freastal ar riachtanais daltaí.
- Aithníonn an scoil gnéithe den churaclam trína bhféadfaí tionchar dearfach marthanach a imirt ar dhearcthaí agus ar luachanna daltaí.
- Déanann an scoil cúram ar leith de dhaltaí a d'fhéadfadh a bheith i mbaol agus baintear leas as córais mhonatóireachta chun idirghabháil luath nuair is gá sin. Freagraíonn sí do riachtanais, d'údair eagla agus inní daoine aonair ar shlí íogair.
- Aithníonn an scoil a thábhachtaí atá sé oibriú i gcomhar le tuismitheoirí agus iad a choimeád ar an eolas faoi na gnásanna atá ann chun dea-chaidreamh a chur chun cinn ar fud na scoile.
- Aithníonn an scoil ról na dtuismitheoirí i dtaca le cabhrú leis na daltaí scileanna éagsúla saoil a shealbhú.
- Aithníonn an scoil ról na ngníomhaireachtaí eile pobail i dtaca le bulaíocht a chosc agusa chomhrac.
- Cuireann an scoil an meas frithpháirteach, an chúirtéis agus feasacht ar a Idirspheáiche atá daoine i ngrúpaí agus i bpobail chun cinn.
- Cuireann an scoil an fhreagracht shóisialta, an chaoinfhulaingt agus tuiscint ar a chéile chun cinn i measc phobal na scoile sa scoil agus lasmuigh di.
- Tá cúram coláisteach ar fhoireann na scoile, faoi stiúir an Phríomhoide, gníomhú chun iompar bulaíochta/ionsaitheach ó dhuine ar bith de phobal na scoile a chosc.

- (B) Ceannaireacht éifeachtach;
- (C) Cur chuige scoile uile;
- (D) Tuiscint i bpáirt faoin rud is bulaíocht ann agus faoin tionchar is féidir a bheith aige
- (E) Feidhmiú straitéisí oideachais agus coiscthe (lena n-áirítear bearta chun feasacht amhúscailt)
- a chothaíonn ionbhá, meas agus athléimneacht sna daltaí; agus
 - ina dtéitear i ngleic go sainráite le cibearbhulaíocht agus le bulaíocht bunaithe ar aitheantas, lena n-áirítear bulaíocht homafóbach agus trasfóbach;
- (F) Maoirseacht agus monatóireacht éifeachtach ar dhaltaí;
- (G) Tacaíochtaí don fhoireann;
- (H) Teagmhais bhulaíochta a thairfeadh agus a imscrúdú ar shlí chomhsheasmhach agus obair leantach a dhéanamh ina dtaobh (lena n-áirítear straitéisí aitheanta idirghabhála a úsáid); agus
- (I) Meastóireacht leanúnach ar a éifeachtaí atá an polasaí frithbhulaíochta.

3. I gcomhréir le *Gnásanna Frithbhulaíochta Bunscoile agus Iar-bhunscoile* seo é an sainmhíniú ar bhulaíocht:

An rud a thuigtear le bulaíocht ná iompar diúltach neamhiarrtha, bíodh sé i bhfoirm iompar briathartha, síceolaíoch nó fisiciúil, a dhéanann duine aonair nó grúpa in aghaidh duine nó daoine eile, agus a dhéantar arís agus arís eile.

Áirítear na cineálacha iompair bhulaíochta seo a leanas ar an sainmhíniú ar bhulaíocht:

- duine a fhágáil as an áireamh d'aon ghnó, gabháil do chúlchaint mhailíseach agus do chineálacha eile caidrimh bhulaíochta idir dhaoine;
- cibearbhulaíocht; agus
- bulaíocht bunaithe ar aitheantas, ar nós bulaíocht homafóbach, bulaíocht chiníoch, bulaíocht bunaithe ar bhallraíocht den Lucht Siúil agus bulaíocht ar dhuine faoi mhíchumas nó ar dhuine a bhfuil riachtanais speisialta oideachais aici/aige.

Ní chuimsíonn an sainmhíniú seo ar bhulaíocht teagmhais aonraithe nó teagmhais aon uaire d'iompar diúltach d'aon turas, lena n-áirítear téacsteachtairacht mhaslach nó goilliúnach aon uaire nó teachtaireachtaí príobháideacha eile agus ba cheart déileáil leo, mar is cuí, de réir chód iompair na scoile.

Ach, i bhfianaise an pholasaí seo, féachfar ar theachtaireacht, íomhá nó ráiteas poiblí goilliúnach aon uaire ar shuíomh Gréasáin líonra poiblí nó ar fhóram poiblí eile ar féidir an teachtaireacht, an íomhá nó an ráiteas sin a fheiceáil air agus/nó a bheith athráite ag daoine eile mar iompar bulaíochta.

Iompar diúltach nach n-áirítear sa sainmhíniú seo ar bhulaíocht, déileálfar leis de réir chód iompair na scoile.

Gheofar eolas breise ar na cineálacha éagsúla bulaíochta i Roinn 2 de na *Gnásanna Frithbhulaíochta Bunscoile agus Iar-bhunscoile*.

Samplaí d'Iompraíochtaí Bulaíochta

<p>Iompraíochtaí a bhaineann le gach saghas bulaíocht</p>	<ul style="list-style-type: none"> • Ciapadh bunaithe ar cheann ar bith de na naoi bhforas sa reachtaíocht comhionannais e.g. ciapadh gnéasach, bulaíocht homafóbach, bulaíocht chiníocht, etc. • Forrántacht fhisiciúil • Damáiste do mhaoin • Leasainmneacha a ghlaoch • Cleithmhagadh • Pictiúir, focail i scríbhinn, nó ábhar eile a tháirgeadh, a thaispeáint nó a scaipeadh atá dírithe ar dhuine eile a imeaglú • Graifítí maslach • Sracadh (extortion) • Imeaglú • Gothaí maslaitheacha nó gáirsiúla • 'Amharc' faoi leith • Cur isteach ar spás pearsanta • Meascán de na cinn a luaitear.
<p>Cibearbhulaíocht</p>	<ul style="list-style-type: none"> • Tromaíocht: Ráflaí, bréaga nó biadán a scaipeadh chun dochar a dhéanamh do cháil duine eile • Ciapadh: Teachtaireachtaí oilc, suaracha nó gáirsiúla a sheoladh chuig duine go leanúnach

	<ul style="list-style-type: none"> • Pearsanú: Teachtaireachtaí maslaitheacha nó forrántacha a phóstáil faoi ainm duine eile • Gríosadh: Úsáid a bhaint as focail gháirsiúla nó ghríosaitheacha chun troid ar líne a spreagadh • Cleasaíocht: Dallamullóg a chur ar dhuine eolas pearsanta a roinnt agus an t-eolas sin a úsáid ar líne ina dhiaidh sin • Sceitheadh: Eolas nó íomhánna rúnda a phostáil nó a roinnt • Leithcheal: Leithcheal a dhéanamh ar dhuine ó ghrúpa ar líne d'aon ghnó • Cibear-stalcaireacht: Ciapadh agus tromaíocht leanúnach a fhágann go mbíonn eagla a b(h)eatha/a s(h)ábháilteachta ar duine • Glao tostach gutháin/gutháin phóca • Glao maslach gutháin/gutháin phóca • Teachtaireacht téacs mhaslach • Teachtaireacht ríomhphoist mhaslach • Cumarsáid mhaslach ar líonraí sóisialta e.g. Facebook/Ask.fm/ Twitter/You Tube nó ar chonsóil chluichí • Ráitis/Blaganna/Pictiúir mhaslacha idirlín • Postálacha maslacha ar cineál ar bith teicneolaíochta cumarsáide
<p>Iompraíochtaí bunaithe ar Aitheantas</p> <p>Lena n-áirítear aon cheann de na naoi bhforas idirdhealúcháin a luaitear sa Reachtaíocht um Chomhionannas (inscne lena n-áirítear trasinscne, stádas sibhialta, stádas teaghlaigh, claonadh gnéasach, reiligiún, aois, míchumas, cine agus toisc gur den Lucht Taistil iad).</p>	
<p>Homafóbach agus Trasinscne</p>	<ul style="list-style-type: none"> • Ráflaí a scaipeadh faoi chlaonadh gnéasach duine • Tathant ar dhuine a bhfuil claonadh gnéasach difriúil aige/aici • Leasainmneacha a ghlaoch, e.g. aerach, casta, lúbtha, a úsáidtear chun caitheamh anuas ar dhuine • Imeaglú fisiciúil nó ionsaí • Bagairtí
<p>Cine, náisiúntacht, cúlra eitneach agus ballraíocht de phobal an Lucht Taistil</p>	<ul style="list-style-type: none"> • Idirdhealú, réamhchlaonadh, ráitis nó maslaí a bhaineann le cine, náisiúntacht, cultúr, aicme shóisialta, creideamh, cúlra, eitneach nó an Lucht Taistil • Leithcheal de bhun aon cheann acu seo thuas
<p>Is éard atá i gceist anseo caidrimh a mhí-ionramháil mar bhealach chun</p>	

Caidreamhach	bulaíocht a dhéanamh. Ar na hiompraíochtaí tá: <ul style="list-style-type: none"> • Biadán maslach • Leithcheal agus aonrú • Neamhaird • Leithcheal ó ghrúpa • Cairde a bhaint de dhuine • 'Bitseáil' • Ráflaí a scaipeadh • Rún a sceitheadh • Caint sách ard le go gcloisfeadh an t-íobartach í • 'Amharc' faoi Leith • 'nerd' a úsáid le cur isteach ar dhuine.
Gnéasach	<ul style="list-style-type: none"> • Ráitis nó tadhall gnéasach míchuí nó gan choinne • Ciapadh
Riachtanais Speisialta Oideachais, Míchumas	<ul style="list-style-type: none"> • Leasainmneacha a ghlaoch • Tathant ar dhaoine eile mar gheall ar a míchumas nó riachtanais foghlama • Teacht i dtír ar leochaileachtaí daltaí eile agus ar a gcumas teoranta bulaíocht a aithint agus iad féin a chosaint • Teacht i dtír ar leochaileachtaí daltaí eile agus ar a gcumas teoranta cúinsí sóisialta agus leideanna sóisialta a aithint agus iad féin a chosaint. • Athris a dhéanamh ar mhíchumas duine eile • Ceap magaidh a dhéanamh de dhaoine eile

4. Seo a leanas an múinteoir/na múinteoirí ábhartha a dhéanfaidh bulaíocht a imscrúdú agus a dhéileálfaidh léi: Is iad na Múinteoirí ábhartha sa scoil seo ná an Príomhoide, an Leas Phríomhoide agus gach múinteoir ranga. Féadfaidh múinteoir ar bith gníomhú mar mhúinteoir ábhartha más gá.

5. Seo a leanas na straitéisí oideachais agus coiscthe (lena n-áirítear straitéisí a dhírítear go sonrach ar chibear bhulaíocht agus ar bhulaíocht bunaithe ar aitheantas, go háirithe bulaíocht

homafóbac agus trasfóbach) a bheidh in úsáid sa scoil. (Féach roinn 6.5 de na *Gnásanna Frithbhulaíochta Bunscoile agus Iar-Bhunscoile*):

Cur chuige na scoile ina hiomláine

- Cur chuige na scoile ina hiomláine chun meas ar gach ball de phobal na scoile a chothú.
- Luach na héagsúlachta a chur chun cinn chun aghaidh a thabhairt ar dhearcaí claonta agus chun aird a tharraingt ar a dho-ghlactha is atá iompraíocht bhulaíochta.
- Féinmheas a chothú agus a fheabhsú i measc na ndaltaí uile trí ghníomhaíochtaí curaclaim agus seach-churaclaim araon. Tabharfar deiseanna do dhaltáí féinmheas dearfach a fhorbairt trí idirghníomhaíochtaí foirmiúla agus neamhfhoirmiúla.
- Forbairt ghairme don fhoireann go léir i dtaca leis an mbulaíocht d'fhonn a chinntiú go mbeidh tuiscint ag an bhfoireann ar fad ar cad is bulaíocht ann, ar an gcaoi a dtéann sí i bhfeidhm ar shaol na ndaltaí agus ar an ngá a bhíonn ann freagairt di agus i a chosc.
- Athbhreithniú bliantúil ar gánna CPD na múinteoirí, le eolas a bhailiú faoi na scíleanna agus an taithí atá ag múinteoirí na scoile.
- Feachtas feasachta agus oiliúna don scoil ina hiomláine i dtaca le gach gné den bhulaíocht, lena n-áirítear, tuismitheoir(í)/caomhnóir(í) agus pobal níos leithne na scoile.
- Maoirseacht agus monatóireacht ar sheomraí ranga, ar dhorchlaí, ar thalamh na scoile, ar thurasanna scoile agus ar ghníomhaíochtaí seach-churaclaim. Tabharfar ar bhail foirne nach mbíonn ag teagasc agus ar bhail eile a bheith san airdeall agus eachtraí a chur in iúl do na múinteoirí ábhartha. Beidh maoirseacht i gceist leis i dtaca leis an úsáid a bhaineann daltaí as teicneolaíocht cumarsáide sa scoil.
- Pléitear polasaí frithbhulaíochta na scoile le daltaí agus tugtar cóip de do gach tuismitheoir/caomhnóir mar chuid de Chód Iompraíochta na Scoile (gach bliain).
- Deimhin a dhéanamh de go mbeidh a fhios ag daltaí cé dó ba chóir dóibh a insint agus conas é a dhéanamh, e.g.:
- Dul caol díreach chuig múinteoir ag am feiliúnach, mar shampla tar éis ranga.
- Tabhairt ar thuismitheoir(í)/ar chaomhnóir(í) nó ar chara insint.
- Deimhin a dhéanamh de go dtuigeann finnétithe an tábhachtach a bhaineann lena bhfeiceann siad nó lena bhfuil ar eolas acu faoin mbulaíocht atá ar bun a insint.
- Prótacail shoiléire a shonrú chun tuismitheoir(í)/caomhnóir(í) a spreagadh dul chun na scoile más dóigh leo go bhfuil bulaíocht á déanamh ar a leanbh. Ba chóir an prótacal a chur le chéile i gcomhar le tuismitheoirí.

- Polasaí um Úsáid Inghlactha a chur le chéile sa scoil lena n-áirítear na céimeanna cuí chun deimhin a dhéanamh de go ndéantar monatóireacht dhian ar úsáid na teicneolaíochta sa scoil, cuir i gcás úsáid a bhaint as gutháin phóca.

Curaclaim a chur i ngníomh

- Cur i ngníomh iomlán na gcuraclam SPHE agus na gclár RSE agus Bí Sábháilte.
- Forbairt Ghairme Leanúnach don fhoireann agus na cláir sin á seachadadh.
- Ceachtanna ar an mbulaíocht bunaithe ar fhianaise a sheachadadh ar fud na scoile, e.g. Bí Sábháilte.
- Cláir SPHE an Gharda Síochána a sheachadadh ar leibhéal bunscoile agus iar-bhunscoile. Pléann na ceachtanna seo, a thugann Gardaí Pobail, ceisteanna a bhaineann le sábháilteacht phearsanta agus cibearbhulaíocht.
- Féachfaidh an scoil, go háirithe, i leith riachtanais bhreise na ndaltaí SEN maidir le cláir a chur i bhfeidhm agus scileanna agus straitéisí a fhorbairt a chuirfeadh ar chumas gach daltaí freagairt go cuí.

Naisc le polasaithe eile

- Polasaithe, cleachtais agus gníomhaíochtaí scoile a bhaineann leis an mbulaíocht, e.g. Cód Iompraíochta, Polasaí Cosanta Leanaí, Maoirseacht daltaí, Polasaí um Úsáid Inghlactha, Aguisín 1 Moltaí do Thuismitheoirí,

6. Seo a leanas straitéisí na scoile chun iompar bulaíochta a imscrúdú, chun obair leantach a dhéanamh ina dtaobh agus chun iompar bulaíochta a thairfeadh mar aon leis na straitéisí idirghabhála bunaithe a úsáidfidh an scoil chun déileáil le cásanna d'iompar bulaíochta (Féach Roinn 6.8.9 de na *Gnásanna Frithbhulaíochta Bunscoile agus Iar-bhunscoile*):

6.8.9. Gnásanna chun Bulaíocht a Fhiosrú agus Láimhseáil

Is é an phríomhaidhm a bhaineann le bulaíocht a fhiosrú agus a láimhseáil ná ceisteanna a réiteach agus an caidreamh idir na páirtithe a shlánú, a oiread agus is féidir (seachtas milleán a leagan ar dhuine);

Ní mór do ghnásanna na scoile cloí leis an gcur chuige seo a leanas.

Déanfar gach iarracht a chinntiú go dtuigfidh gach duine atá rannpháirteach (daltaí, tuismitheoirí/caomhnóirí san áireamh) an cur chuige sin ón tús.

Iompraíocht Bhulaíochta a Thuairisciú

- Féadfaidh dalta nó tuismitheoir(í)/caomhnóir(í) ar bith eachtraí bhulaíochta a chur in iúl do mhúinteoirí ar bith sa scoil.
- Fiosróidh agus láimhseálfaidh an múinteoir ábhartha gach tuairisc, ina measc tuairiscí anaithnide.
- Ní mór do bhaill foirne teagaisc agus neamhtheagaisc, cuir i gcás rúnaithe, cúntóirí riachtanas speisialta (SNA), tionlacaithe bus, airígh, glantóirí aon eachtraí d'iompraíocht bhulaíochta a fheiceann siad nó a luaitear leo a chur in iúl don mhúinteoir ábhartha.

Eachtraí a Fhiosrú agus a Láimhseáil Stíl an Chuir Chuige

- Agus é/í ag fiosrú agus ag láimhseáil na bulaíochta, tabharfaidh an múinteoir (ábhartha), i gcomhairliú, a b(h)reithiúnas féin féachaint ar tharla bulaíocht nó nár tharla agus conas is fearr an cás a réiteach.
- Éilítear ar thuismitheoirí/ar chaomhnóirí agus ar dhaltaí comhoibriú le cibé fiosrú a dhéanfar agus cuidiú leis an scoil ceist ar bith a thiofadh aníos a réiteach agus an caidreamh idir na páirtithe a shlánú, a oiread agus is féidir, a thúisce agus is féidir.
- Ba chóir do mhúinteoirí cur chuige fionnuar neamh-mhóthúchánach réitithe fadhbanna a ghlacadh.
- Ba chóir eachtraí a láimhseáil, a oiread agus is féidir, lasmuigh den seomra ranga d'fhonn príobháid gach rannpháirtí a chinntiú.
- Ba chóir gach agallamh a dhéanamh chomh híogair agus is féidir agus cearta na ndaltaí á nglacadh san áireamh. Is féidir le daltaí nach bhfuil baint dhíreach acu leis an gcás eolas úsáideach a chur ar fáil mar seo a leanas:
- Agus eachtraí d'iompraíocht bhulaíochta á n-anailísiú, ba chóir don mhúinteoir ábhartha, le duine fásta eile i láthair, iarracht a dhéanamh na ceisteanna cén rud, cén

áit, cén duine, agus cén fath a fhreagairt. Ba chóir é sin a dhéanamh go deas suaimhneach, agus sampla á thabhairt den chaoi ar chóir déileáil le coinbhleacht gan dul i muinín na forrántachta.

- Má bhíonn grúpa i gceist, ba chóir agallamh a chur ar gach duine acu ar dtús. Ina dhiaidh sin, ba chóir bualadh leo mar ghrúpa. Ag an gcruinniú leis an ngrúpa, ba chóir a iarraidh ar gach duine acu a c(h)untas féin a thabhairt ar ar tharla d'fhonn a chinntiú go dtuigeann gach duine sa ghrúpa ráitis na ndaoine eile go soiléir;
- Ba chóir tacú le gach ball den ghrúpa i dtaca leis an mbrú a d'fhéadfadh a theacht orthu ó bhaill eile an ghrúpa tar éis an agallaimh leis an múinteoir.
- D'fhéadfadh sé a bheith oiriúnach freisin a iarraidh orthu siúd a bhí i gceist cuntas a scríobh ar ar tharla.
- I gcásanna go gcinneann an múinteoir ábhartha gur tharla iompraíocht bhulaíochta, ba chóir teagmháil a dhéanamh le tuismitheoir(í)/caomhnóir(í) na bpáirtithe go luath d'fhonn an tarlúint a chur in iúl dóibh agus míniú a thabhairt ar na gníomhartha a bheifear a dhéanamh (agus tagairt á déanamh do bheartas na scoile). Ba chóir don scoil deis a thabhairt do thuismitheoirí/do chaomhnóirí plé a dhéanamh ar na bealaí lenar féidir leo tacú leis na gníomhartha atá an scoil a dhéanamh agus leis na tacaí atáthar a chur ar fáil do dhaltaí;
- Sa chás go gcinneann an múinteoir ábhartha go raibh iompraíocht bhulaíochta ar bun ag an dalta, ba chóir a chur in iúl go soiléir dó/di an sárú a rinne sé/sí ar bheartas frithbhulaíochta na scoile agus ba chóir iarracht a dhéanamh tabhairt air/uirthi an cás a fheiceáil ó dhearcadh an dalta a d'fhulaing an bhulaíocht;
- Ní mór a chur in iúl go soiléir do gach rannpháirtí (gach tacar daltaí agus múinteoirí/caomhnóirí) i gcás ar bith a gcaitear smachtbhannaí araíonachta a chur i bhfeidhm gur ceist phríobháideach atá ann idir an dalta a bheidh faoi smachtbhanna, a t(h)uismitheoir(í)/c(h)aomhnóirí agus an scoil;

Gníomh leantach agus cuntas

- Agus cinneadh á dhéanamh ar déileáladh go cuí agus go leordhóthanach leis an gcás bulaíochta, ní mór don mhúinteoir ábhartha, agus breithiúnas gairmiúil á thabhairt aige/aici, na cúinsí seo a leanas a ghlacadh san áireamh:
 - An bhfuil deireadh tagtha leis an iompraíocht bhulaíochta;
 - An bhfuil ceisteanna idir na páirtithe réitithe, a oiread agus is féidir;
 - An bhfuil caidreamh idir na páirtithe slánaithe, a oiread agus is féidir;
 - Aiseolas ar bith a fuarthas ó na páirtithe rannpháirteacha, óna dtuismitheoir(í)/a gcaomhnóir(í) nó ó phríomhoide nó leas-phríomhoide na scoile
- Ba chóir cruinnithe leantacha ar leithligh a shocrú leis na páirtithe leasmhara féachaint an bhféadfaí iad a thabhairt le chéile tráth níos déanaí má bheidh an dalta a d'fhulaing an bhulaíocht réidh agus toilteanach.
- I gcás nach mbíonn tuismitheoir(í)/caomhnóir(í) sásta gur dhéileáil an scoil leis an gcás bulaíochta de réir na ngnásanna seo, ní mór gnáthaimh ghearáin na scoile a chur in iúl do na tuismitheoir(í)/caomhnóir(í), mar is cuí. (**Aguisín 5**)
- I gcás gur bhain an/na tuismitheoir(í)/caomhnóir(í) leas as gnáthaimh ghearáin na scoile agus nach bhfuiltear sásta fós, ní mór don scoil a chur in dóibh go bhfuil an cheart acu gearán a dhéanamh leis an Ombudsman do Dhaltaí.

Iompraíocht Bhulaíochta a chuntas

Tá sé ríthábhachtach go ndéanfaí gach eachtra de bhulaíocht a chuntas ar bhealach oibiachtúil agus fórasach.

Seo a leanas gnásanna na scoile maidir le hiompraíocht bhulaíochta a chuntas agus a thuairisciú:

Réamhdhearbhú neamhfhoirmiúil gur tharla bulaíocht

- Ní mór do gach ball foirne cuntas dátaithe i scríbhinn a choinneáil d' eachtraí a fheiceann siad nó a chuirtear in iúl dóibh. Ní mór gach eachtra a thuairisciú don mhúinteoir ábhartha .
- Cé nár mhór don mhúinteoir ábhartha gach tuairisc, lena n-áirítear tuairiscí anaithnide, de bhulaíocht a fhiosrú agus a láimhseáil, ní mór don mhúinteoir ábhartha cuntas i scríbhinn a choinneáil ar na tuairiscí, ar na gníomhartha a glacadh agus ar aon phlé a rinneadh leis na rannpháirtithe

- Ní mór don mhúinteoir ábhartha gach eachtra atáthar a fhiosrú a chur in iúl don phríomhoide.

Foirmiúil - 1 Dearbhú gur tharla bulaíocht

- Má dhearbhaíonn an múinteoir ábhartha gur tharla bulaíocht, ní mór don mhúinteoir cuntas cuí i scríbhinn a choinneáil a chuideoidh leis/léi na ceisteanna a réiteach agus na caidrimh a shlánú, a oiread agus is féidir, idir na páirtithe leasmhara.
- Ba chóir don scoil, i gcomhairle leis an múinteoir/na múinteoirí ábhartha, prótacal a chur le chéile maidir le gach cuntas a choinníonn an múinteoir ábhartha a stóráil.

Foirmiúil - 2 Aguisín 3 (Gnásanna Foirmiúla na Roinne Oideachais agus Scileanna)

Ní mór don mhúinteoir ábhartha an teimpléad cuí in **Aguisín 3** a úsáid chun an iompraíocht bhulaíochta a chuntas sna cúinsí seo a leanas:

a) i gcásanna gur dóigh leis/léi nár déileáladh go cuí ná go leordhóthanach leis an iompraíocht bhulaíochta laistigh de 20 lá scoile tar éis dó/di a chinneadh gur tharla iompraíocht bhulaíochta; agus

b) Sa chár gur chinn an scoil mar chuid dá polasaí frithbhulaíochta nár mhór, i gcúinsí áirithe, an iompraíocht bhulaíochta a chuntas agus a thuairisciú láithreach bonn don Phríomhoide nó don Leas-Phríomhoide de réir mar is cuí.

Ba chóir don scoil liosta a dhéanamh de na hiompraíochtaí a chaitear a chuntas agus a thuairisciú láithreach bonn don phríomhoide. Ba chóir dóibh sin a bheith ag teacht le cód iompraíochta na scoile.

Nuair a bhaintear úsáid as an teimpléad cuntais, ní mór don mhúinteoir ábhartha é a choinneáil agus ní mór don phríomhoide cóip de a choinneáil. Ní mór machnamh cuí a dhéanamh ar an áit a gcoinnítear na cuntais, orthu siúd a mbeidh teacht acu orthu agus ar an bhfad ama a choinneofar iad. Ba chóir cinntí a dhéantar faoi chuntais a choinneáil a bhreacadh síos sa polasaí seo.

Straitéisí Idirghabhála Seanbhunaithe

- Agallaimh idir an múinteoir agus gach dalta
- Comhaontuithe idir daltaí a idirbheartú agus iad a leanúint le próiseas monatóireachta. Is féidir é seo a dhéanamh ar bhealach neamhfhoirmiúil nó a chur i bhfeidhm trí phróiseas idirghabhála níos struchtúrtha
- Oibriú le tuismitheoir(í)/caomhnóir(í) chun tacú le hidirghabhálacha scoile
- Cuir chuige Gan Milleán
- Am Ciorcail
- Agallaimh Athshlánúcháin
- Comhdháil Athshlánúcháin
- Piar-idirghabháil sa chás go ndearnadh oiliúint chuí

Luann na Gnásanna na straitéisí idirghabhála seo a leanas agus déantar tagairt do Ken Rigby;

www.bullyingawarenessweek.org/pdf/BullyingPreventionStrategiesinSchoolsKenRigby.pdf

- An cur chuige traidisiúnta araíonachta
- An t-íospartach a láidriú
- Idirghabháil
- Cleachtas Athshlánúcháin
- Modh an Ghrúpa Tacaíochta
- Modh na Comhbhá

7. Seo a leanas clár tacaíochta na scoile do dhaltaí a ndearnadh bulaíocht orthu: (Féach 6.8 de na Gnásanna Frithbhulaíochta Bunscoile agus Iar-Bhunscoile):

- Cuirfear gach tacaíocht agus deis in-scoile ar fáil do dhaltaí a fhulaingíonn an bhulaíocht chun páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí a leagtar amach chun a bhféinmhuinín a mhéadú, cairdeas agus scileanna sóisialta a fhorbairt agus seasmhacht a láidriú, e.g.
 - Córas tréadchúraim
 - Córas meantóireachta Piara / Páirtíochta
 - Obair i ngrúpaí, cuir i gcás am ciorcail

- Má bhíonn comhairleoireacht nó tacaí breise de dhíth ar dhaltaí, déanfaidh an scoil a dícheall dul i gcomhairle leis na gníomhaireachtaí cuí chun é sin a eagrú. D'fhéadfadh sé gur don daltaí a fhulaingíonn an bhulaíocht nó a bhíonn i mbun na hiompraíochta bulaíochta é sin.
- Ba chóir do dhaltaí a thuiscint nach mbíonn aon fhinnéithe gan locht ann agus gur chóir gach iompraíocht bhulaíochta a chur in iúl do mhúinteoir.

8. Maoirseacht agus Monatóireacht Éifeachtach ar Dhaltaí.

Deimhníonn an Bord Bainistíochta go bhfuil cleachtais agus polasaithe chuí mhaoirseachta agus monatóireachta i bhfeidhm chun iompar bulaíochta a chosc agus chun déileáil leis agus chun idirghabháil luath a éascú más féidir.

Seo Leidcheisteanna a leanas a mbeidh úsáideach chun an ghné seo den Pholasáí á meas:

- An bhfuil cleachtais aontaithe mhonatóireachta agus mhaoirseachta i bhfeidhm sa scoil?
- Ar sonraíodh cúinsí contúirteacha bulaíochta?
- An ndéanann i gcomhairle leis na tuismitheoirí agus leis na daltaí agus na cúinsí contúirteacha bulaíochta á sonrú?
- Cén chaoi a dtacóidh na struchtúir thacaíochta/chúraim do dhaltaí (lena n-áirítear teagascóirí ranga, RE, SPHE, Tacaíochta Foghlama) le bearta chun dul i ngleic le hiompraíocht bhulaíochta?
- Cén chaoi a mbeidh daltaí, go háirithe daltaí sinsearach, rannpháirteach mar acmhainn chun cuidiú le dul i ngleic leis an mbulaíocht? An ndéanadh machnamh ar chóras páirtíochta/meantóireachta chuige sin?
- Maidir leis an Pholasáí um Úsáid Inghlactha sa scoil, an dtugtar aghaidh ar na ceisteanna seo a leanas:
 - An ndéanann múinteoir maoirseacht ar gach seisiún idirlín?
 - An ndéanann an scoil monatóireacht rialta ar úsáid an idirlín i measc na ndaltaí?
 - Ar tugadh treoir do dhaltaí gan ach cuntais cheadaithe ranga a úsáid ar mhaithe le ríomhphoist agus gan iad a úsáid ach faoi mhaoirseacht an mhúinteora?

(Tabhair faoi d'aire gur bhlocáil an Clár Leathanbhanda le haghaidh Scoileanna gach láithreán líonraithe shóisialta ar an mbonn gur cur amú ama iad go n-ídfonn siad an iomad den leathanbhanda a chuirtear ar fáil do chuspóirí oideachais).

9. An Ciapadh a Chosc

Deimhníonn an Bord Bainistíochta go ndéanfaidh an scoil, de réir a oibleagáidí faoin reachtaíocht chomhionannais, gach beart is indéanta go praiticiúil chun daltaí agus baill foirne a chosaint ar chiapadh gnéasach agus ar chiapadh ar aon cheann de na naoi bhforas, mar atá inscne lena n-áirítear trasinscne, stádas sibhialta, stádas teaghlaigh, treoshuíomh gnéasach, reiligiún, aois, míchumas, cine nó ballraíocht den Lucht Siúil.

10. Ghlac an Bord Bainistíochta an polasaí seo an _____ [dáta].

11. Tá an polasaí seo ar fáil do phearsanra na scoile, foilsíodh é ar shuíomh Gréasáin na scoile (nó mura bhfuil suíomh ag an scoil, tá sé ar fáil ar shlí eile do thuismitheoirí agus do dhaltaí ar iarratas) agus do Chumann na dTuismitheoirí (más ann dó). Cuirfear cóip den pholasaí seo ar fáil don Roinn agus do phátrún na scoile má iarrtar é.

12. Athbhreithneoidh an Bord Bainistíochta an polasaí agus a fheidhmiú uair amháin i ngach scoilbhliain. Cuirfear fógra scríofa gur athbhreithníodh polasaí frithbhulaíochta na scoile ar fáil do phearsanra na scoile, foilseofar é ar shuíomh Gréasáin na scoile (nó mura bhfuil suíomh ag an scoil, cuirfear é ar fáil ar shlí eile do thuismitheoirí agus do dhaltaí ar iarratas) agus do Chumann na dTuismitheoirí (más ann dó). Cuirfear taifead den athbhreithniú agus a thoradh a chur ar fáil don phátrún agus don Roinn, leis, má iarrtar é.

Sínithe: _____
(Cathaoirleach an Bhoird Bhainistíochta)

Sínithe: _____
(Príomhoide)

Dáta: _____

Dáta: _____

Dáta an chéad athbhreithnithe eile: _____

Aguisín 1

Moltaí Do Thuismitheoirí

Torthaí bulaíochta

Téann bulaíocht i bhfeidhm ar dhaltaí ar go leor bealaí éagsúla. Nuair a imrítear bulaíocht ar dhaltaí is féidir go gcuirfí anacair saoil orthu. Is féidir go ndéanfaí iad a ghortú. Is féidir go mbeadh eagla orthu roimh theacht ar scoil. Is féidir go gcaillfeadh siad féinmhuinín agus féinmheas, agus go gcuirfidis an milleán orthu féin. I gcás páistí áirithe, is féidir go mbeadh pian bhoilg nó tinnis cinn ag cur as dóibh, tromluithe nó taomanna scaoil. (Téann an míshuaimhneas seo go minic i bhfeidhm ar a gcuid foghlama agus dianmhachnaimh, ar an drochuair.) Nuair nach dtugtar dúshlán an bhulaí, is féidir le daltaí eile a thuiscint go bhfuil slí éifeachtach aimsithe acu chun déanamh mar is toil leo féin.

Leideanna i leith bulaíochta – Tuartha/airí comhartha

Tugann na tuartha/airí comhartha seo a leanas le fios go bhfuil bulaíocht á dhéanamh ar dhalta:

- Inní faoi thaisteal ar scoil agus ar ais abhaile - iarraidh ar thuismitheoirí iad a thiomáint nó a bhailiú, bealach taistil a athrú, gnáth-amanna taistil a sheachaint.
- Drogall i leith freastal ar scoil, diúltú glan freastal, maidhtseáil.
- Titim siar i dtorthaí oideachais, laghdú dianmhachnaimh agus laghdú suime agus díograis i dtaobh na scoile.
- Patrún de thinnis fisiciúla (m.sh tinnis cinn, tinnis boilg)
- Athruithe gan míniú i dtaobh giúmar nó iompraíocht. Is féidir go mbeadh sé níos soiléire roimh fillleadh ar scoil tar éis deireadh seachtaine nó go háirithe i ndiaidh saoire scoile níos faide.
- Comharthaí so-fheicthe inní nó anacair – stadaireacht, cúthaileacht, tromluithe, deacrachtaí codlata, caoineadh, séanadh bia, aiseag, fliuchadh leapa.
- Ráitis gan choinne agus gan a bheith de réir carachtair i dtaobh daltaí nó múinteoirí.
- Iarmhais de chuid an pháiste a bheith briste nó in easnamh.
- An páiste ag lorg airgid níos minicí, nó ag goid.
- Ball craicinn gan míniú nó créachta nó damáiste déanta d'éadaí.
- Leisce ar an bpáiste, nó diúltú glan a rá cad tá cearr leis.

Ní chiallaíonn na comharthaí seo, go cinnte, go bhfuil bulaíocht á imirt ar an bpáiste. Ach má tharlaíonn siad in athuair, nó le chéile, is fiú iniúchadh níos géire a dhéanamh le fáil amach cad atá ag cur as don pháiste.

Cad a ba chóir a dhéanamh má tá bulaíocht á dhéanamh ar do pháiste

- Déan an eachtra a phlé le do pháiste chun sonraí i leith an méid a thit amach a aimsiú.
- Cuir an páiste ar a s(h)uaimhneas, agus ar an eolas go gcabhróidh tú féin agus an scoil leis/léi.
- Pléigh leis an páiste i leith cad ab fhearr a dhéanamh don chéad chéim eile – is féidir go mbeadh an páiste in ann straitéisí a mholadh.
- Déan é/í a spreagadh chun an cás a chur in iúl don mhúinteoir.
- Déan teagmháil leis an scoil a luaithe agus is féidir.
- Déan iniúchadh leantach le cinntiú go réiteofar an cás.
-

Cad ba chóir duit a rá le do pháiste, nuair is eol duit go bhfuil bulaíocht á dhéanamh ar dhuine a bhfuil aithne agaibh air

- Abair le múinteoir faoi (faoi rún, más gá)
- Déan teagmháil leis na tuismitheoirí faoi - déanfaidh siadsan teagmháil leis an scoil.
- Labhair leis an duine a bhfuil bulaíocht á dhéanamh air - is féidir go bhfuil tú in ann cabhrú leis an duine sin.
- Ná glac le hiompar bulaíochta i measc do ghrúpa féin – cuir in iúl nach bhfuil bulaíocht inghlactha.
- Cabhraigh leis an duine a bhfuil bulaíocht á dhéanamh air éalú ón gcruachás.
- Biodh cód disciplín na scoile ar eolas agat agus déan é a leanúint.

Cad ba chóir duit a rá le páiste a bhfuil bulaíocht á dhéanamh air

- Abair leis an mbulaí “stop , ní maith liom é”
- Abair le múinteoir láithreach faoi
- Abair le do thuismitheoirí faoi.
- Cabhraigh leis an múinteoir é a iniúchadh.
- Abair le cara faoin a bhfuil ag tarlú.

Aguisín 2 Leideanna praiticiúla ar conas cultúr dearfach scoile a chothú

Seo a leanas roinnt leideanna praiticiúla a d'fhéadfadh cabhrú le scoileanna cultúr dearfach scoile a chothú agus iompar bulaíochta a chosc agus dul i ngleic leis.

- Tabhair dea-shampla d'iompar ina léirítear meas do gach ball de phobal na scoile i ngach caidreamh a bhíonn agat leo.
- Múin do na daltaí go sainráite an rud is teanga a léiríonn meas agus iompar a léiríonn meas ann, an tslí ina gcuirtear in iúl é, an tionchar a bhíonn aige sa seomra ranga agus ar fud na scoile.
- Cuir teachtaireachtaí láidre measa ar taispeáint sa seomra ranga, in áiteanna tionóla agus ar fud na scoile. Bíodh na daltaí bainteach le dréachtú na dteachtaireachtaí.
- Beir orthu agus iad á n-iompar féin i gceart - tabhair aird ar an gcineál iompair atá uait agus mol é nuair a fheiceann tú é.
- Téigh i ngleic ar shlí chomhsheasmhach le haon teanga idirdhealaitheach agus maslach a úsáidtear sa scoil – áirítear air sin teanga homafóbach agus ciníoch agus teanga a dhéanann beag is fiú de dhaltaí atá faoi mhíchumas nó a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu.
- Tabhair aiseolas cuiditheach do dhaltaí nuair nach mbíonn iompar agus teanga a léiríonn meas le sonrú uathu.
- Bíodh córas spreagthaí agus luachanna saothair ann chun iompar inmhianaithe a chur chun cinn mar aon le géilliúlacht do rialacha agus do ghnásanna na scoile.
- Múin go sainráite do na daltaí conas meáin shóisialta a úsáid ar shlí fhreagrach.
- Tabhair spreagadh do na daltaí chun géilleadh do rialacha na scoile maidir le húsáid fón póca agus an Idirlín. Déan obair leantach le daltaí nach dtugann aird ar na rialacha.
- Tabhair ról gníomhach do thuismitheoirí agus/nó do Chumann na dTuismitheoirí i bhfeachtais chun feasacht mar gheall ar mheáin shóisialta a mhúscailt.
- Leag béim ar an gceart atá ag gach duine i bpobal na scoile ar a bheith slán sábháilte sa scoil.
- Múin rialacha na scoile go sainráite sa seomra ranga agus in áiteanna tionóla i dteanga a thuigfidh na daltaí, agus cuir béim ar na rialacha sin.
- Féadann gach ball foirne a bheith san airdeall chun aon iompar bulaíochta a thabhairt faoi deara.
- Cinntigh go bhfuil dóthain maoirseachta sa chlós agus lasmuigh den scoil.
- Féadann foireann na scoile comhairle a fháil ó na daltaí faoi na háiteanna is mó ina dtarlaíonn bulaíocht agus faoi na hamanna ag a dtarlaíonn sé.
- Is gnách do na háiteanna is mó ina dtarlaíonn bulaíocht a bheith sa chlós agus lasmuigh den scoil, i seomraí gléasta, i ndorchlaí agus in áiteanna eile inar beag maoirseacht a dhéantar.
- Is gnách bulaíocht a bheith coitianta nuair nach mbíonn maoirseacht struchtúrtha ann, mar shampla nuair a bhíonn daltaí sa chlós nó ag athrú seomraí ranga.
- Tacaigh le bunú comhairlí scoile agus lena gcuid oibre.

Aguisín 3 Teimpléad chun iompar bulaíochta a thaifeadadh

1. Ainm an dalta a bhfuil bulaíocht á déanamh air/uirthi agus a rang-ghrúpa

Ainm _____ Rang _____

2. Ainm(neacha) agus rang(anna) an dalta/na ndaltaí atá ag gabháil d'iompar bulaíochta

3. An t-iompar is ábhar buartha/imní (ticeáil an bosca/na boscaí ceart(a))*

An dalta i dtrácht	
Dalta eile	
Tuismitheoir	
Múinteoir	
Eile	

4. An áit ar tharla an teagmhas/na teagmhais (ticeáil an bosca/na boscaí ceart(a))*

Clós	
Seomra ranga	
Dorchla/pasáiste	
Leithris	
Bus Scoile	
Eile	

5. Ainm an té/na ndaoine a thuairiscigh an t-údar inní bulaíochta

--

6. Cineál an iompair bhulaíochta (ticeáil an bosca/na boscaí ceart(a))*

Ionsaitheacht Fhísiciúil	Cibearbhulaíocht	
Dochar do mhaoín	Imeaglú	
Aonrú/Eisiamh	Cúlchaint mhailiseach	
Ainmneacha maslacha a thabhairt ar dhuine:	Eile (tabhair do thuairim)	

7. I gcás iompair a bhféachtar air mar bhulaíocht bunaithe ar aitheantas, tabhair an chatagóir lena mbaineann:

Homafóbach	Míchumas/bainteach le riachtanais speisialta oideachais	Ciníoch	Ballraíocht den Lucht Siúil	Eile (sonraigh)

8. Cur síos gairid ar an iompar bulaíochta agus ar a thionchar

--

9. Sonraí na mbeart a rinneadh

--

Sínithe _____ (Múinteoir Ábhartha) Dáta _____

An Dáta a cuireadh é ar aghaidh chuig an bPríomhoide/Leas-Príomhoide

* **Nóta:** Catagóirí molta is ea na catagóirí i dtáblaí 3, 4 & 6 agus féadfaidh scoileanna iad a leasú nó catagóirí eile a chur leo.

Aguisín 4 Seicliosta le haghaidh athbhreithniú bliantúil ar an mbeartas fhrithbhulaíochta agus ar a fheidhmiú

Ní mór don Bhord Bainistíochta (an Bord) athbhreithniú bliantúil a dhéanamh ar bheartas frithbhulaíochta na scoile agus ar an tslí ina gcuirtear chun feidhme é. Ní mór an seicliosta seo a leanas a úsáid san athbhreithniú. Áis is ea an seicliosta d'athbhreithniú an bheartais ach ní seicliosta uileghabhálach é. Ní mór na rudaí seo a leanas a chur i gcrích chun an seicliosta a chomhlánú: scrúdú agus athbhreithniú ar anailís chainníochtúil agus ar anailís cháilíochtúil ar eilimintí éagsúla d'fheidhmiú bheartas frithbhulaíochta na scoile.

Tá/ Níl

An bhfuil beartas frithbhulaíochta a ghéilleann go hiomlán do riachtanais <i>Ghnásanna Frithbhulatochta Bunscoile agus Iar-bhunscoile</i> glactha ag an mBord go foirmiúil?	
An bhfuil an beartas foilsithe ar shuíomh Gréasáin na scoile agus cóip curtha ar fáil do chumann na dtuismitheoirí?	
An bhfuil sásta go bhfuil go bhfuil an beartas ar fáil d'fhoireann na scoile (agus foireann nua san áireamh)?	
An bhfuil an Bord sásta go bhfuil dóthain eolais ar an mbeartas agus ar na gnásanna ag foireann na scoile chun iad a chur i bhfeidhm go héifeachtach agus go comhsheasmhach ina gcuid oibre laethúla?	
An bhfuil an Bord sásta go bhfuil dóthain eolais ar an mbeartas ag na daltaí?	
An bhfuil an Bord sásta gur doiciméadaíodh sa bheartas na straitéisí coiscthe agus oideachais a bheidh i bhfeidhm sa scoil?	
An bhfuil an Bord sásta gur cuireadh gach straitéis coiscthe agus oideachais chun feidhme?	
Ar scrúdaíodh a éifeachtaí atá na straitéisí coiscthe agus oideachais atá curtha chun feidhme?	
An bhfuil an Bord sásta go bhfuil na múinteoirí ar fad ag taifeadadh agus ag déileáil le teagmhais bhulaíochta de réir an bheartais?	
An bhfuil an Bord sásta go bhfuair an Bord na tuairiscí achoimre tréimhsiúla ón bPríomhoide agus ar glacadh miontuairiscí maidir leo?	
An bhfuil an Bord sásta gur pléadh a fheabhas atá an scoil ag láimhsiú tuairiscí bulaíochta lena n-áirítear teagmhais bhulaíochta ar déileáladh leo ag céim luath agus nach bhfuil ar áireamh, mar sin, i dtuairisc thréimhsiúil an Phríomhoide?	
An bhfuil an Bord sásta nach bhfuarthas aon ghearán ó thuismitheoirí maidir leis an tslí ina láimhsíonn an scoil teagmhais bhulaíochta?	
An bhfuil an Bord sásta nár thóg tuismitheoir ar bith a páiste amach as an scoil á rá go raibh siad míshásta leis an tslí inar láimhsigh an scoil cás bulaíochta?	
An bhfuil an Bord sásta nach ndearna Ombudsman na Leanaí imscrúdú ar an tslí inar láimhsigh an scoil cás bulaíochta a thionscain nó a thabhairt chun críche?	
An bhfuil an Bord sásta go ndearnadh anailís ar na sonraí a fuarthas ó chásanna a tuairiscíodh don Phríomhoide (leis an teimpléad taifeadta bulaíochta) chun aon cheisteanna, treochtaí nó patrúin in iompar bulaíochta a shainiú?	
An bhfuil an Bord sásta nár aithníodh aon ghnéithe de bheartas na scoile agus/nó a fheidhmiú a dteastaíonn feabhsú breise orthu?	
An bhfuil plean gníomhaíochta i bhfeidhm ag an mBord chun díriú ar aon réimse ina dteastaíonn feabhsú?	

Síniú _____
Cathaoirleach, an Bord Bainistíochta

Dáta _____

Síniú _____
Príomhoide

Dáta _____

Aguisín 5 INTO/CPMSA Complaints Procedure Guidelines For Primary Schools.

PROCEDURE

The Irish National Teachers' Organisation and the Catholic Primary School Managers' Association reached agreement in 1993 on a procedure for dealing with complaints by parents against teachers. The purpose of the procedure is to facilitate the resolution of difficulties where they may arise in an agreed and fair manner. The agreement lays out in five stages the process to be followed in progressing a complaint and the specific timescale to be followed at each stage.

Introduction

Only those complaints about teachers which are written and signed by parents/guardians of pupils may be investigated formally by the Board of Management, except where those complaints are deemed by the Board to be:

- (i) on matters of professional competence and which are to be referred to the Department of Education;
- (ii) frivolous or vexatious complaints and complaints which do not impinge on the work of a teacher in a school; or
- (iii) complaints in which either party has recourse to law or to another existing procedure.

Unwritten complaints not in the above categories may be processed informally as set out in

Stage 1 of this procedure.

Stage 1

- 1.1** A parent/guardian who wishes to make a complaint should, unless there are local arrangements to the contrary, approach the class teacher with a view to resolving the complaint.
- 1.2** Where the parent/guardian is unable to resolve the complaint with the class teacher she/he should approach the Principal with a view to resolving it.
- 1.3** If the complaint is still unresolved the parent/guardian should raise the matter with the Chairperson of the Board of Management with a view to resolving it.

Stage 2

- 2.1** If the complaint is still unresolved and the parent/guardian wishes to pursue the matter further she/he should lodge the complaint in writing with the Chairperson of the Board of Management.
- 2.2** The Chairperson should bring the precise nature of the written complaint to the notice of the teacher and seek to resolve the matter between the parties within 5 days of receipt of the written complaint

Stage 3

- 3.1** If the complaint is not resolved informally, the Chairperson should, subject to the general authorisation of the Board and except in those cases where the Chairperson deems the particular authorisation of the Board to be required:
 - (a) supply the teacher with a copy of the written complaint; *and*

(b) arrange a meeting with the teacher and, where applicable, the Principal Teacher with a view to resolving the complaint. Such a meeting should take place within 10 days of receipt of the written complaint.

Stage 4

- 4.1** If the complaint is still not resolved the Chairperson should make a formal report to the Board within 10 days of the meeting referred to in 3.1(b).
- 4.2** If the Board considers that the complaint is not substantiated the teacher and the complainant should be so informed within three days of the Board meeting.
- 4.3** If the Board considers that the complaint is substantiated or that it warrants further investigation it proceeds as follows:
- (a) the teacher should be informed that the investigation is proceeding to the next stage;
 - (b) the teacher should be supplied with a copy of any written evidence in support of the complaint;
 - (c) the teacher should be requested to supply a written statement to the Board in response to the complaint;
 - (d) the teacher should be afforded an opportunity to make a presentation of case to the Board. The teacher would be entitled to be accompanied and assisted by a friend at any such meeting;
 - (e) the board may arrange a meeting with the complainant if it considers such to be required. The complainant would be entitled to be accompanied and assisted by a friend at any such meeting; and
 - (f) the meeting of the Board of Management referred to in (d) and (e) will take place within 10 days of the meeting referred to in 3.1(b)

Stage 5

5.1 When the Board has completed its investigation, the Chairperson should convey the decision of the Board in writing to the teacher and the complainant within five days of the meeting of the Board.

5.2 The decision of the Board shall be final.

5.3 This Complaints Procedure shall be reviewed after three years.

5.4 CPSMA or INTO may withdraw from this agreement having given the other party three months' notice of intention to do so.

In this agreement 'days' means schools days.

Fógra maidir le hathbhreithniú bliantúil an Bhoird Bhainistíochta ar an mbeartas frithbhulaíochta

Chuig: _____

Is mian leis an mBord Bainistíochta i _____ na nithe seo a leanas a chur in iúl duit:

- Tugadh athbhreithniú an Bhoird Bhainistíochta ar bheartas frithbhulaíochta na scoile agus a fheidhmiú chun críche ag cruinniú an Bhoird den _____ [dáta].
- Rinneadh an t-athbhreithniú i gcomhréir leis an seicliosta atá leagtha amach in **Aguisín 4** de na *Gnásanna Frithbhulaíochta Bunscoile agus Iar-bhunscoile*.

Síniú _____
Cathaoirleach, an Bord Bainistíochta

Dáta _____

Síniú _____
Príomhoide

Dáta _____